



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Teastas Sóisearach 2017**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**Matamaitic**

**Gnáthleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Clár na nÁbhar

## Leathanach

### Páipéar 1

Struchtúr na scéime marcála .....	4
Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm .....	5
Réitigh shamplacha agus nótaí marcála .....	6

### Páipéar 2

Struchtúr na scéime marcála .....	17
Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm .....	18
Réitigh shamplacha agus nótaí marcála .....	19

Marcanna breise as ucht freagairt trí Ghaeilge .....	34
--	----

## Páipéar 1

### Struchtúr na scéime marcála

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagra a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí ina dhá chatagóir (ceart agus mícheart). I gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí ina dtrí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu:

Lipéad an scála	A	B	C	D
Líon na gcatagóirí	2	3	4	5
Scála 5 mharc	0, 5	0, 2, 5	0, 2, 3, 5	0, 2, 3, 4, 5
Scála 10 marc		0, 5, 10	0, 3, 7, 10	0, 2, 4, 8, 10
Scála 15 mharc			0, 4, 10, 15	0, 4, 8, 12, 15
Scála 20 marc				0, 5, 10, 15, 20

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos sonraí le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léiriú i gcomhthéacs gach ceiste.

### Scálaí marcála – tuairisceoirí leibhéal

#### A-scálaí (dhá chatagóir)

- freagra mícheart (creidiúint ar bith)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

#### B-scálaí (trí chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra ceart i bpáirt (páirtchreidiúint)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

#### C-scálaí (ceithre chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

#### D-scálaí (cúig chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart (páirtchreidiúint mheánach)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

I gcásanna áirithe, ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar uimhreacha a shlánú go mícheart, ina bhfághtar aonaid ar lár, ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair, nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair, féadfar marc a thabhairt chomh maith atá aon mharc amháin faoi mharc na creidiúna iomláine. Tugtar *Creidiúint Iomlán –1* ar an leibhéal creidiúna sin agus sainítear na cineálacha sin earráidí le réiltín (\*). Dá bhrí sin, mar shampla, i Scála 10C, féadfar *Creidiúint Iomlán –1* de 9 marc a thabhairt.

Ní fhéadfar marc ar bith a thabhairt seachas na marcanna sin ar an scála cuí, agus *Creidiúint Iomlán –1*.

Go ginearálta, glac le hobair iarrthóra i gcuid amháin de cheist lena húsáid i gcodanna ina dhiaidh sin den cheist mura róshimplíonn sé sin an obair lena mbaineann.


### Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm

<b>Ceist 1 (20)</b>	<b>Ceist 5 (20)</b>	<b>Ceist 9 (40)</b>
(a) 5D	(a) 15C	(a) 10B
(b) 5B	(b)&(c) 5C	(b) 10C
(c)&(d) 10C		(c) 15C
	<b>Ceist 6 (30)</b>	(d) 5C
<b>Ceist 2 (25)</b>	(a) 20D	
(a) 10D	(b) 10C	<b>Ceist 10 (15)</b>
(b)&(c) 5C		(a)–(c) 15D
(d) 10B	<b>Ceist 7 (15)</b>	
	(a)&(b) 15D	
<b>Ceist 3 (25)</b>		<b>Ceist 11 (15)</b>
(a) 15D	<b>Ceist 8 (15)</b>	(a)&(b) 15D
(b) 10C	(a) 5B	
	(b) 10C	<b>Ceist 12 (45)</b>
<b>Ceist 4 (35)</b>		(a)(i) 15D
(a)(i)&(ii) 15D		(a)(ii) 5C
(d)(iii) 5B		(b)(i) 5B
(b) 10D		(b)(ii) 20D
(c) 5A		

## Réitigh Shamplacha agus Nótaí Marcála

Tabhair do d'aire: Níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith— d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht chur chuige aon iarrthóra ar leith i gceist áirithe, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

C1	Réiteach Samplach – 20 Marc	Nótaí Marcála
(a)	<p>9      1, 3, 9</p> <p>10     1, 2, 5, 10</p> <p>11     1, 11</p> <p>12     1, 2, 3, 4, 6, 12</p>	<p><b>Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)</b></p> <p>Glac le freagra ceart gan obair</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Fachtóir ceart ar bith de 10, 11 nó 12</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Fachtóirí lánchearta ar bith de 10, 11 nó 12</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Fachtóirí lánchearta ar bith de dhá cheann de 10, 11 nó 12.</li> </ul>
(b)	<p>Freagra: <b>11</b></p> <p>Cúis:      níl ach dhá fhachtóir ag <b>11</b></p> <p style="text-align: center;"><b>NÓ</b></p> <p>Tá níos mó ná dhá fhachtóir ag <b>9, 10, agus 12</b></p> <p style="text-align: center;"><i>nó cúis bhailí ar bith eile</i></p>	<p><b>Scála 5B (0, 2, 5)</b></p> <p><i>Creidiúint ar bith</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Cuirtear tic le níos mó ná bosca amháin, gan aon chúis nó le réasúnú mícheart.</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>cuirtear tic le 11, gan aon chúis nó le cúis mhícheart</li> <li>ní chuirtear tic ar bith le 11, taispeántar tuiscint ar an uimhir phríomha</li> </ul>
(c)&(d)	<p>(c) Trí cheann ar bith de <b>2, 3, 5, 7, 13, 17</b> nó <b>19</b></p> <p>(d) LCM trí uimhir in (c)</p>	<p><b>Scála 10C (0, 3, 7, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Uimhir phríomha nó dhá uimhir phríomha níos lú ná 20 (lena n-áirítear 11) ceart.</li> <li>Trí uimhir phríomha ina gcuimsítear 11, má roghnaítear 11 in (b).</li> <li>Obair lena mbaineann fiúntas in (d), mar shampla: iolraí coitianta luachanna roghnaithe seachas LCM</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>(c) nó (d) ceart</li> </ul>

C2	Réiteach Samplach – 25 Marc	Nótaí Marcála
(a)	 <p>The diagram shows two overlapping ovals labeled X and Y. Inside oval X are the letters N, C, and L. Inside oval Y are the letters D, P, and H. In the overlapping region between X and Y are the letters I, O, and A.</p>	<p><b>Scála 10D (0, 2, 4, 8, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ball amháin curtha i gceart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ceithre bhall curtha san áit cheart</li> <li>• Ceachtar de na tacair, <math>X \cap Y, X \setminus Y</math> nó <math>Y \setminus X</math> ceart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Seacht mball curtha san áit cheart</li> <li>• Dhá cheann de <math>X \cap Y, X \setminus Y</math> nó <math>Y \setminus X</math> ceart</li> </ul>
(b)-(c)	<p>(b) <i>Tacar ar bith ina bhfuil dhá cheann ar bith de I, O, agus A.</i></p> <p>(c) <i>Fothacar X ina bhfuil ceann amháin de I, O, agus A ar a mhéad.</i></p>	<p><b>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ball ceart ar bith in (b) nó (c).</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• (b) nó (c) ceart.</li> </ul>
(d)	<p>S2: Litreacha in X ach ní in Y.</p> <p>S3: <math>X \cup Y</math></p>	<p><b>Scála 10B (0, 5, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Freagra ceart amháin</li> </ul>

C3	Réiteach Samplach – 25 Marc	Nótaí Marcála
(a)	(i) $11 - 6 = 5$ $5 \times 2 = 10$ uair  (ii) $95 \div 10 = \text{€}9.50$ san uair  (iii) $0.7 \times 95 = 66.50$ $95 - 66.50 = \text{€}28.50$  <p style="text-align: center;"><b>NÓ</b></p> $0.3 \times 95 = \text{€}28.50$	<p><b>Scála 15D (0, 4, 8, 12, 15)</b></p> <p>Glac le freagraí cearta gan obair. Glac le freagraí cearta gan aonaid.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, mar shampla: <math>11 - 6</math>, <math>0.70</math>, <math>30\%</math>, <math>0.3</math>, <math>95 \div k</math></li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuid amháin ceart</li> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas i dtrí chuid</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Dhá chuid ceart</li> </ul> <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuir * leis le haghaidh slánú gan ghá.</li> </ul>
(b)	$20 \times 60000 \times 0.7 = 840\,000$  $840\,000 = 8.4 \times 10^5$	<p><b>Scála 10C (0, 3, 7, 10)</b></p> <p>Glac le freagra ceart gan obair.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Roinnt iolrú ceart, mar shampla: <math>20 \times 60000 = 1200000</math></li> <li>• Taispeántar roinnt tuisceana ar nodaireacht eolaíoch, mar shampla: coinbhéartaítear 60000 ina nodaireacht eolaíoch</li> <li>• <math>20 \times 60000 \times 0.2</math></li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 840000</li> <li>• Iolrú ceart amháin <b>agus</b> coinbhéartaítear ina nodaireacht eolaíoch i gceart é</li> </ul>



<b>C4</b>	<b>Réiteach Samplach – 35 Marc</b>	<b>Nótaí Marcála</b>
<b>(a) (i)&amp;(ii)</b>	<p>(i) Lá 3      Lá 4      Lá 5      Lá 6 20          25          30          35</p> <p>(ii) Freagra: Líneach Cúis: Téann sé suas an méid céanna gach uair.</p> <p><i>nó cúis bhailí ar bith eile</i></p>	<p><b>Scála 15D (0, 4, 8, 12, 15)</b></p> <p>Tá 3 chuid sa fhreagra: an tábla in (i), an freagra in (ii), an chúis in (ii).</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Iontráil cheart ar bith in (i)</li> <li>• Críochnaítear an tábla i gceart ag baint úsáid as chéad difríocht mhícheart.</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 1 chuid (de na 3 cinn) ceart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 2 chuid (de na 3 cinn) ceart</li> </ul>
<b>(a) (iii)</b>	<p><math>10 + 15 + 20 + 25 + 30 + 35 = €135</math></p>	<p><b>Scála 5B (0, 2, 5)</b></p> <p>Glac le freagra ceart gan obair. Glac le freagra ceart gan aonaid.</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Roinnt ríomha lena mbaineann luachanna ábhartha ón tábla</li> </ul>
<b>(b)</b>	<p>(i) Lá 2      Lá 3      Lá 5      Lá 6 4          8          32          64</p> <p>(ii) Freagra: Easpónantúil Cúis: Méadaíonn sé faoi dhó gach uair.</p> <p><i>nó cúis bhailí ar bith eile</i></p>	<p><b>Scála 10D (0, 2, 4, 8, 10)</b></p> <p>Tá 3 chuid sa fhreagra: an tábla in (i), an freagra in (ii), an chúis in (ii).</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Iontráil cheart ar bith in (i)</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 1 chuid (de na 3 cinn) ceart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 2 chuid (de na 3 cinn) ceart</li> </ul>
<b>(c)</b>	<p>Freagra: Duais A Cúis: Is é an duais is mó</p> <p><b>NÓ</b></p> <p>Freagra: Duais C Cúis: Ní chaithfidh tú fanacht leis an airgead ar fad a fháil</p> <p><i>nó duais ar bith le cúis bhailí</i></p>	<p><b>Scála 5A (0, 5)</b></p>

C5	Réiteach Samplach – 20 Marc	Nótaí Marcála
<b>(a)</b> <b>(i)</b> <b>&amp;</b> <b>(ii)</b>	(i) $9:00 - 4 = 5:00$ a.m. (ii) $5:00 + 11:40$ $= 16:40$ <b>nó</b> $4:40$ p.m. <p style="text-align: center;"><b>NÓ</b></p> $9:00 + 11:40 = 20:40$ $20:40 - 4:00 = 16:40$ <b>nó</b> $4:40$ p.m.	<b>Scála 15C (0, 4, 10, 15)</b> Glac le freagra ceart gan obair Glac le freagraí cearta gan a.m. nó p.m. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuid (i) ceart</li> </ul> <i>Páirtchreidiúint Ard</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuid (ii) ceart</li> </ul>
<b>(b)</b> <b>&amp;</b> <b>(c)</b>	(b) $756 \div 3 \cdot 6 = \text{€}210$ (c) Costas 2 dhuine fásta = costas 4 pháiste Mar sin costas 6 pháiste = 756 $756 \div 6 = \text{R}\$126$ in aghaidh ticéad páiste <p style="text-align: center;"><b>NÓ</b></p> $1 \text{ duine fásta agus } 1 \text{ páiste} = \frac{756}{2} = 378$ Mar sin costas 3 pháiste = 378 $378 \div 3 = \text{R}\$126$ in aghaidh ticéad páiste <p style="text-align: center;"><b>NÓ</b></p> $2x + 2y = 756$ $\underline{x - 2y = 0}$ $3x = 756$ $x = 252 \text{ agus } y = 126$ $\text{R}\$126 \text{ in aghaidh an pháiste}$	<b>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</b> Glac le freagraí cearta gan obair. Glac le freagraí cearta gan aonaid. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuid (b) ceart</li> </ul> <i>Páirtchreidiúint Ard</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuid (c) ceart</li> </ul>

C6	Réiteach Samplach – 30 Marc	Nótaí Marcála																		
(a) (i)&(ii)	<table style="width: 100%; border-collapse: collapse;"> <tr> <td style="width: 12.5%;">4</td> <td style="width: 12.5%;">5</td> <td style="width: 12.5%;">6</td> <td style="width: 12.5%;">7</td> <td style="width: 12.5%;">10</td> <td style="width: 12.5%;">16</td> </tr> <tr> <td>0</td> <td>1</td> <td>2</td> <td>3</td> <td>6</td> <td>12</td> </tr> <tr> <td>0</td> <td>7</td> <td>14</td> <td>21</td> <td>42</td> <td>84</td> </tr> </table>	4	5	6	7	10	16	0	1	2	3	6	12	0	7	14	21	42	84	<p><b>Scála 20D (0, 5, 10, 15, 20)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Iontráil cheart ar bith sa tábla</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• 4 iontráil chearta</li> <li>• (i) nó (ii) ceart.</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• (i) nó (ii) láncheart agus roinnt iontrálacha cearta sa chuid eile</li> </ul> <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuir * leis as iontráil mhícheart amháin má tá an chuid eile láncheart</li> </ul>
4	5	6	7	10	16															
0	1	2	3	6	12															
0	7	14	21	42	84															
(b)	<p><math>105 \div 7 = 15</math>  <math>15 + 4 = 19</math> bliana.</p> <p style="text-align: center;"><b>NÓ</b></p> <table style="width: 100%; border-collapse: collapse;"> <tr> <td style="width: 33.33%;">17</td> <td style="width: 33.33%;">18</td> <td style="width: 33.33%;">19</td> </tr> <tr> <td>91</td> <td>98</td> <td>105</td> </tr> </table> <p>Freagra: 19 mbliana</p> <p style="text-align: center;"><b>NÓ</b></p> <p><math>7(E - 4) = 105</math>  <math>\Rightarrow 7E - 28 = 105</math>  <math>\Rightarrow 7E = 105 + 28 = 133</math>  <math>\Rightarrow E = 133 \div 7 = 19</math> bliain.</p>	17	18	19	91	98	105	<p><b>Scála 10C (0, 3, 7, 10)</b></p> <p>Glac le freagra ceart gan obair</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Roinnt úsáid ábhartha as 7 nó 4</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Faightear aois Spot i mblianta (i.e. 15)</li> <li>• Úsáid mhícheart as 7 ach úsáid cheart as 4</li> </ul>												
17	18	19																		
91	98	105																		


C7	Réiteach Samplach – 15 Mharc	Nótaí Marcála
(a)&(b)	<p>(a) Cearnóg 4  Heicseagán 6  Triantán 3</p> <p>(b) {3, 4, 5, 6}</p>	<p><b>Scála 15D (0, 4, 8, 12, 15)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuid amháin ceart in (a)</li> <li>• Ball ceart ar bith in (b)</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Dhá chuid ceart in (a)</li> <li>• (b) ceart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• (a) láncheart</li> <li>• (b) ceart agus cuid amháin de (a) ceart</li> </ul>


C8	Réiteach Samplach – 15 Mharc	Nótaí Marcála
(a)	$\frac{2(4)+1}{3(4)-2} = \frac{8+1}{12-2} = \frac{9}{10}$	<p><b>Scála 5B (0, 2, 5)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ionadú láncheart</li> <li>• Uimhreoir ceart nó ainmneoir ceart</li> </ul>
(b)	$\begin{aligned} &(w + 4)(3w - 2) \\ &= 3w^2 + 12w - 2w - 8 \\ &= 3w^2 + 10w - 8 \end{aligned}$	<p><b>Scála 10C (0, 3, 7, 10)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Téarma amháin ceart, lena n-áirítear comhartha.</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Dhá théarma ceart ón réiteach, lena n-áirítear comharthaí</li> </ul>

C9	Réiteach Samplach – 40 Marc	Nótaí Marcála
(a)	(i) 20 soicindí (ii) 40 méadar	<b>Scála 10B (0, 5, 10)</b> <i>Páirtchreidiúint</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>Cuid amháin ceart</li> </ul>
(b)	(i) A (ii) $\frac{10}{6} = \frac{5}{3} m/s$ $\frac{10}{6} = 1.66 \dots m/s$ (	<b>Scála 10C (0, 3, 7, 10)</b> Glac le 1.7m/s in (ii). Glac le freagra ceart in (ii) gan aonaid. <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>Cuid (i) ceart</li> </ul> <i>Páirtchreidiúint Ard</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>Cuid (i) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas i gcuid (ii).</li> <li>Cuid (ii) ceart</li> </ul> <i>Creidiúint Iomlán – 1</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>Cuir * le haghaidh <math>\frac{10}{6}</math> in (ii)</li> </ul>
(c)	(i) 35 cm (ii) $2\pi r$ $= 2(\pi)(35)$ $= 219.9 \dots$ $= 220 \text{ cm [cm is gaire]}$	<b>Scála 15C (0, 4, 10, 15)</b> <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>Cuid (i)</li> <li>Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, mar shampla: <math>70/2, C = 2\pi r</math></li> </ul> <i>Páirtchreidiúint Ard</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>Cuid (ii) ceart</li> <li>Cuid (i) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas i gcuid (ii).</li> </ul> <i>Creidiúint Iomlán – 1</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>Cuir * leis mura dtugtar an freagra i gceart chuig an cm is gaire</li> </ul>
(d)	60 m = 6000 cm $6000 \div 220 = 27.27 \dots$ i.e. 27 uair  <b>NÓ</b>  220 cm = 2.2 m $60 \div 2.2 = 27.27 \dots$ i.e. 27 uair	<b>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</b> Glac le freagra ceart gan obair Glac le triail is feabhsú mar roinnt ag baint úsáid as figiúirí ábhartha <i>Páirtchreidiúint Íseal</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>Coinbhéartú ceart amháin</li> <li>Roinnt ag baint úsáid as figiúirí ábhartha</li> </ul> <i>Páirtchreidiúint Ard</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>Coinbhéartú ceart <b>agus</b> leagtar amach roinnt</li> </ul> <i>Creidiúint Iomlán – -1</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>Cuir * leis mura bhfuil an freagra slánaithe síos go dtí an tslánúimhir is gaire.</li> </ul>

C10	Réiteach Samplach – 15 Mharc	Nótaí Marcála
(a)– (c)	<p>(a) </p> <p>(b) </p> <p>(c) </p>	<p><b>Scála 15D (0, 4, 8, 12, 15)</b>            Glac le 0 mar bhall in (b)            Glac le freagra ceart gan obair</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ball ceart ar bith i gcuid ar bith</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuid amháin láncheart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Dhá chuid láncheart</li> </ul> <p><i>Creidiúint Iomlán – 1</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuir * leis mura bhfuil ach –2 amháin eisiata in (a) agus/nó (c)</li> </ul>

C11	Réiteach Samplach – 15 Mharc	Nótaí Marcála
(a)&(b)	<p>(a) <math>(x + 5)(x - 1)</math></p> <p>(b) <math>(x + 5)(x - 1) = 0</math>  <math>\Rightarrow x + 5 = 0</math> agus <math>x - 1 = 0</math>  <math>\Rightarrow x = -5</math> agus <math>x = 1</math></p>	<p><b>Scála 15D (0, 4, 8, 12, 15)</b></p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin, mar shampla: faightear factóirí <math>x^2</math> nó <math>\pm 5</math>; nó cuirtear freagraí ó (a) = 0 in (b)</li> <li>• Ionadú ceart ar bith i bhfoirmle chearnach</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• (a) ceart</li> <li>• Ionadú láncheart i bhfoirmle chearnach</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• (a) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas in (b)</li> <li>• (b) ceart (2 fhréamh)</li> </ul>

C12	Réiteach Samplach – 45 Marc	Nótaí Marcála
(a) (i)		<p><b>Scála 15D (0, 4, 8, 12, 15)</b></p> <p>Glac le lamháltas <math>\pm 0.2</math> le haghaidh luachanna nach bhfuil luach slánuimhreach leo.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Pointe le luach slánuimhreach ríofa nó breactha i gceart</li> <li>• Pointe breactha i gceart ó obair an iarrthóra.</li> <li>• Luaitear fána = 1 <b>nó</b> y-idirlíne = 3</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Luaitear fána = 1 <b>agus</b> y-idirlíne = 3</li> <li>• Líne ar bith ag dul trí (0, 3) <b>nó</b> le fána 1</li> <li>• Ríomhtar dhá phointe i gceart ach ní bhreactar i gceart iad nó ní bhreactar ar chor bith iad</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Líne cheart ach ní líontar an fearann atá tugtha</li> <li>• Breactar na pointí deiridh i gceart ach ní cheanglaítear iad nó ní cheanglaítear i gceart iad</li> </ul>
(a) (ii)	<p>(-1, 2) <b>agus</b> (5, 8)</p>	<p><b>Scála 5C (0, 2, 3, 5)</b></p> <p>Ceadaigh úsáid as graf agus tábla chun comhordanáidí na bpointí trasnaithe a fháil.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Léirítear na pointí go soiléir ar an ngraf</li> <li>• ordanáid x nó y ceart in aon phointe amháin</li> <li>• Pointe amháin agus na hordanáidí aisiompaithe agus an dara pointe ceart</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Pointe amháin ceart</li> <li>• Comhordanáidí aisiompaithe le haghaidh an dá phointe (2, -1) <b>agus</b> (8, 5)</li> </ul>

C12	Réiteach Samplach – 45 Marc	Nótaí Marcála
(b) (i)	$k(3) = (3)^2 - 2(3) - 1$ $= 9 - 6 - 1$ $= 2$	<p><b>Scála 5B (0, 2, 5)</b></p> <p>Glac le freagra ceart gan obair</p> <p><i>Páirtchreidiúint</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ionadú ceart ar bith</li> <li>• Leagtar amach <math>k(x) = 3</math> agus roinnt obair ábhartha eile.</li> </ul>
(b) (ii)		<p><b>Scála 20D (0, 5, 10, 15, 20)</b></p> <p>Tabhair do d'aire: Má úsáideann iarrthóir feidhm líneach bronn</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i> ar a mhéad.</p> <p><i>Páirtchreidiúint Íseal</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Obair lena ngabhann fiúntas i ríomh pointe ar bith</li> <li>• Cruth ceart ar an ngraf</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Mheánach</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ríomhtar agus breactar dhá phointe le comhordanáidí slánuimhreach i gceart</li> <li>• Ríomhtar gach pointe i gceart.</li> </ul> <p><i>Páirtchreidiúint Ard</i></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Breactar ceithre pointe le comhordanáidí slánuimhreach i gceart</li> </ul>



## Páipéar 2

### Struchtúr na scéime marcála

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagra a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí ina dhá chatagóir (ceart agus mícheart). I gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí ina dtrí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu:

Lipéad an scála	A	B	C	D
Líon na gcatagóirí	2	3	4	5
Scála 5 mharc	0, 5	0, 2, 5	0, 2, 3, 5	
Scála 10 marc		0, 5, 10	0, 4, 7, 10	0, 3, 5, 8, 10
Scála 15 mharc				0, 4, 8, 12, 15
Scála 20 marc				0, 5, 10, 15, 20

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos sonraí le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léiriú i gcomhthéacs gach ceiste.

### Scálaí marcála – tuairisceoirí leibhéil

#### A-scálaí (dhá chatagóir)

- freagra mícheart (creidiúint ar bith)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

#### B-scálaí (trí chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra ceart i bpáirt (páirtchreidiúint)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

#### C-scálaí (ceithre chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

#### D-scálaí (cúig chatagóir)

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart (páirtchreidiúint mheánach)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

I gcásanna áirithe, ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar uimhreacha a shlánú go mícheart, ina bhfághtar aonaid ar lár, ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair, nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair, féadfar marc a thabhairt chomh maith atá aon mharc amháin faoi mharc na creidiúna iomláine. Tugtar *Creidiúint Iomlán –1* ar an leibhéal creidiúna sin agus sainítear na cineálacha sin earráidí le réiltín (\*). Dá bhrí sin, mar shampla, i Scála 10C, féadfar *Creidiúint Iomlán –1* de 9 marc a thabhairt.

Ní fhéadfar marc ar bith a thabhairt seachas na marcanna sin ar an scála cuí, agus *Creidiúint Iomlán –1*.

Go ginearálta, glac le hobair iarrthóra i gcuid amháin de cheist lena húsáid i gcodanna ina dhiaidh sin den cheist mura róshimplíonn sé sin an obair lena mbaineann.

### Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm

<b>Ceist 1</b>	<b>(15)</b>		<b>Ceist 5</b>	<b>(35)</b>		<b>Ceist 9</b>	<b>(40)</b>
	15D		(a)(i)	10D		(a)(i)	5C
			(a)(ii), (iii)	10C		(a)(ii), (iii)	15D
<b>Ceist 2</b>	<b>(45)</b>		(b)(i)	5B		(a)(iv), (b)	15D
(a), (b)	15D		(b)(ii), (iii)	10C		(c)	5B
(c)	15D						
(d)	15D		<b>Ceist 6</b>	<b>(20)</b>		<b>Ceist 10</b>	<b>(15)</b>
			(a)	5A		(a)	5C
<b>Ceist 3</b>	<b>(40)</b>		(b)	15D		(b)	10D
(a)	5C						
(b)	20D		<b>Ceist 7</b>	<b>(15)</b>		<b>Ceist 11</b>	<b>(15)</b>
(c)	15D		(a)	5B		(a), (b), (c)	15D
			(b)	10C			
<b>Ceist 4</b>	<b>(30)</b>						
(a)(i)	5C		<b>Ceist 8</b>	<b>(30)</b>			
(a)(ii)	5C		(a)	5B			
(b)(i)	10D		(b)	10C			
(b)(ii)	10D		(c)	5B			
			(d)	10C			


## Réitigh Shamplacha agus Nótaí Marcála

